the arts council an chomhairle ealaíon

An Pobal agus na hEalaíona **2006**

Achoimre Feidhmiúcháin

Hibernian Consulting
le
Insight Statistical Consulting
agus
Martin Drury, Sainchomhairleoir Ealaíon

CLÁR

RÉAMHRÁ 2

CHOMHTHÉACS Ó STAIDÉAR 1994 I LEITH 2

DEARCAÍ AGUS FEASACHT FAOI NA HEALAÍONA 4

TINREAMH AG ÓCÁIDÍ EALAÍON 8

RANNPHÁIRTÍOCHT SNA HEALAÍONA AGUS IOMPAR CEANNACHÁIN 11

AG FÉACHAINT AR NA HEALAÍONA AGUS AG ÉISTEACHT LEO 13

CONSTAICÍ MAIDIR LE TINREAMH AGUS EOLAS A FHÁIL FAOI NA HEALAÍONA 16

STAIDÉIR IDIRNÁISIÚNTA AR AN BPOBAL AGUS NA HEALAÍONA 17

ROINNT SAINCHEISTEANNA BEARTAIS A D'ÉIRIGH AS TORTHAÍ AN STAIDÉIR 19

Réamhrá

Rinne an Chomhairle Ealaíon coimisiúnú ar *The Public and the Arts 2006* chun eolas cothrom le dáta a sholáthar ar iompar agus ar dhearcaí mhuintir na hÉireann maidir le:

- Cad a cheapann daoine faoi ról na n-ealaíon sa tsochaí agus faoi mhaoiniú do na healaíona;
- Tinreamh ag ócáidí ealaíon;
- Rannpháirtíocht sna healaíona;
- Chomh mór is a cheannaíonn daoine nithe a bhaineann leis na healaíona;
- Chomh mór is a fhéachann agus a éisteann daoine leis na healaíona taobh amuigh de bheoléirithe;
- Na constaicí a bhíonn ar dhaoine ó thaobh idirghníomhú leis na healaíona, agus na foinsí eolais ealaíon a bhíonn acu.

Is é an staidéar sin an tríú staidéar dá chineál atá déanta in Éirinn. Tugadh faoi staidéar a bhain le líon teoranta de na topaicí thuas i 1981 agus, i 1994, foilsíodh staidéar a rinneadh ar 1,200 duine a chlúdaigh formhór na dtopaicí thuas agus a foilsíodh mar *The Public and the Arts – A Survey of Behaviour and Attitudes in Ireland.* Tugadh faoi staidéar 2006 ar bhealach a thug deis comparáidí a dhéanamh le staidéar 1994 chun deis a thabhairt rianú a dhéanamh ar threochtaí. Síneann an staidéar sin áfach scóip na sonraí atá bailithe ar iompar poiblí agus dearcaí maidir leis na healaíona, de réir forbairtí sna healaíona ón mbliain 1994.

Ba é croílár an phróisis taighde an suirbhé a rinneadh ar 1,210 duine ag 100 pointe timpeall na hÉireann idir dheireadh mhí an Mheithimh agus thús mhí Lúnasa 2006. Bhí an sampla struchtúrtha chun tuairimí shampla ionadaíocha de dhaonra na hÉireann a fháil.

Athrú sa Chomhthéacs ó Staidéar 1994 i Leith

Tá athrú suntasach tagtha ar na comhthéacsanna socheacnamaíocha agus ealaíon sna dá bhliain déag ó rinneadh an staidéar deiridh. Sula gcuirfear príomhthorthaí an staidéir i láthair, luaitear roinnt de na hathruithe sin. Tá sé mar rún aird a tharraingt ar threochtaí níos leithne a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an mbaint a bhí ag an bpobal leis na healaíona in Éirinn idir 1994 agus 2006.

Athruithe Socheacnamaíocha i 1994-2006

- Tháinig leathnú leanúnach ar an daonra sa tréimhse, a mhéadaigh ó thart ar 3.6m go dtí os cionn 4.2m.
- Mar thoradh ar líon níos mó teaghlach le haon duine amháin iontu agus teaghlaigh gan aon leanaí iontu d'fhéadfadh sé go bhfuil níos mó ama ag na daoine sna teaghlaigh sin a bheith rannpháirteach in imeachtaí a bhaineann leis na healaíona. Áirítear leis sin líon na ndaoine scortha, atá ag méadú.
- De bhrí go bhfuil go leor ionad tionóil i limistéir dhaonra faoi fhoirgnimh, ciallaíonn uirbiú leanúnach go bhfuil níos mó daoine níos gaire d'ionaid tionóil ealaíon anois i 2006 ná mar a bhí i 1994. Treisítear é sin trí úinéireacht cairr níos mó agus bonneagar bóithre feabhsaithe.
- Ar an taobh eile, mar gheall go dtógann sé níos faide ar dhaoine dul chuig a gcuid oibre agus abhaile, agus mar gheall go bhfuil ionaid daonra scaipthe thar limistéir níos mó, bíonn sé níos deacra ag daoine teacht ar am chun freastal ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis na healaíona agus a bheith rannpháirteach iontu.
- Ciallaíonn fás ar leibhéil ioncaim (Figiúr 1) go bhfuil daoine in ann freastal níos fearr a dhéanamh ar imeachtaí ealaíon anois nó nithe a bhaineann leis na healaíona a cheannach.

FIGIÚR 1: OTN IN AGHAIDH AN DUINE, 1994 GO DTÍ 2006 (PRAGHSANNA SEASMHACHA 1995 - EURO)

Foinse: An Foras Riaracháin, *Administration Yearbook, 2006*

- Thaispeáin staidéir a rinneadh roimhe seo go raibh nasc idir baint níos mó a bheith ag duine leis na healaíona agus leibhéil arda oideachais a bheith bainte amach. De réir mar a thagann méadú de réir a chéile ar ghnóthachan oideachais dhaonra na hÉireann, ba chóir go gcuideodh sé sin le breis rannpháirtíochta sna healaíona.
- Tá sé de chumas ag fás in úinéireacht teicneolaíochta athrú a chur ar an mbealach a dhéanann daoine idirghníomhú leis na healaíona. Tháinig fás láidir le blianta beaga anuas ar líon na dteaghlach a cheannaigh Ríomhairí Pearsanta, agus freisin ar rochtain idirlín, agus ar líon na nguthán póca.
- Tugann an treocht atá ag dul i méid i gcás taisteal thar lear, lena n-áirítear briseadh gearr, deis do dhaoine freastal ar imeachtaí a bhaineann leis na healaíona ar thurais den sórt sin.

Leanadh leis na treochtaí sin agus, i roinnt cásanna, cuireadh dlús leo i 2006.

Athruithe a Bhain leis na hEalaíona 1994-2006

- Chuidigh roinn rialtais a bhfuil saindualgas ar leith uirthi i dtaca leis na healaíona, an úsáid níos mó atáthar a bhaint as pleanáil sna healaíona, agus an timpeallacht maicreacnamaíoch dhearfach chun leibhéal níos mó maoinithe a chur ar fáil do na healaíona in Éirinn. Tá fás tagtha ar mhaoiniú do na healaíona thar an tréimhse ag ráta atá go maith chun cinn ar bhoilsciú.
- Rinneadh forbairt sa tréimhse ar raon ionad tionóil nua, ag clúdach na bhfoirmeacha ealaíon difriúla agus lonnaithe i ngach cuid den tír.
- Tá rialtas áitiúil athraithe ó bheith rannpháirteach ach go beag sna healaíona i 1994 go dtí an bhaint mhór atá aige leis na healaíona i 2006 (féach Figiúr 2), trí fhorbairt chaipitil agus trí chláir agus seirbhísí ealaíon áitiúla. Tá ról ollmhór freisin ag údaráis áitiúla ó thaobh ealaín phoiblí a sholáthar.

FIGIÚR 2: GLANCHAITEACHAS NA NÚDARÁS ÁITIÚIL AR NA HEALAÍONA



Foinse: An Chomhairle Ealaíon, Iúil 2006.

- Tá síneadh curtha le 'réimse' na n-ealaíon trí sholáthar ealaíon a ionchorprú i gcláir shóisialta, eacnamúla, agus phobail níos leithne agus le beartas na Comhairle Ealaíon dul i mbun comhpháirtíochtaí le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí eile.

- I measc na n-athruithe atá tarlaithe i sainréimsí: tá maoiniú níos mó d'fhéilte; aitheantas idirnáisiúnta níos mó d'ealaín agus d'ealaíontóirí na hÉireann; béim níos mó ar ailtireacht mar fhoirm ealaíne; soláthar níos mó do na healaíona traidisiúnta; béim níos mó ar sholáthar ealaíon do dhaoine óga; níos mó clár ealaíon ar an raidió agus ar an teilifís; agus earnáil scannán atá níos bríomhara i 2006 ná mar a bhí i 1994.

- Tá iomadú teicneolaíochtaí nua ag athrú an taithí a bhaineann leis na healaíona a chruthú agus a bheith bainteach leo.

Dearcaí agus Feasacht faoi na hEalaíona

Taispeánann an staidéar go mbíonn tuairimí an-dearfacha ag muintir na hÉireann tríd is tríd maidir leis na healaíona. Mar shampla:

- Measann daoine go bhfuil tábhacht leis na healaíona i gcúrsaí oideachais, agus dúirt breis is ceathrar as gach cúigear go bhfuil oideachas ealaíon chomh tábhachtach le hoideachas eolaíochta i gcás leanaí agus daoine óga;
- Tacaíonn daoine leis an treocht i dtaca le hinfheistíocht a dhéanamh i gconláistí ealaíon, agus dúirt triúr as gach ceathrar gur chóir an oiread tábhachta céanna a thabhairt do chonláistí ealaíon a sholáthar agus a bhaineann le conláistí spóirt a sholáthar;
- Creideann beagnach naonúr as gach deichniúr go bhfuil ról tábhachtach agus luachmhar ag na healaíona i sochaí nua-aimseartha ar nós na hÉireann;
- I saol ilchultúrtha níos mó ná riamh in Éirinn, creideann beagnach gach naonúr as deichniúr go dtugann na healaíona as cultúir dhifriúla léargas dúinn faoi shaol na ndaoine as cultúir dhifriúla;

- Creideann beagnach seachtar as gach deichniúr gur chóir caiteachas ar na healaíona a chosaint i dtréimhsí cúlaithe eacnamaíochta, agus beagnach an líon céanna a chreid gur chóir caiteachas rialtais 2006 ar na healaíona a mhéadú.

Tá dearcaí maidir leis na healaíona dearfach i measc na mban agus na bhfear ach tá dearcaí níos dearfaí ag mná ná mar atá ag fir.

Tá roinnt comparáidí i ndearcaí leo sin a d'aimsigh staidéar 1994 tugtha i dTábla 1.

TÁBLA 1: DEARCAÍ MHUINTIR NA HÉIREANN MAIDIR LEIS NA HEALAÍONA, RÁITIS ROGHNAITHE, 1994 AGUS 2006 (%)

Ráiteas faoi na hEalaíona	Aontaíonn nó Aontaíonn go Láidir	
	2006	**1994**
Tá oideachas faoi na healaíona chomh tábhachtach i scoileanna le hoideachas eolaíochta	82	73
Cuidíonn gníomhaíocht ealaíon chun cuairteoirí agus turasóirí a mhealladh go hÉireann	91	89
Tá níos mó fáil ar na healaíona le 10 mbliana anuas	85	84
Ba chóir an tábhacht chéanna a thabhairt do sholáthar conláistí ealaíon agus a thugtar do sholáthar conláistí spóirt	75	66
Ba chóir an leibhéal caiteachais reatha ar na healaíona a choinneáil fiú amháin nuair a bhíonn cúlú eacnamaíochta ann	69	60
Sa timpeallacht eacnamaíochta reatha, ba chóir caiteachas rialtais ar na healaíona a mhéadú	56	n/b
Ba chóir do d'údarás áitiúil an caiteachas ar na healaíona a mhéadú	55	n/b

Figiúirí bunaithe ar 1,085-1,210 freagra i 2006 agus 1,200 freagra i 1994

Déantar anailís bhreise ar an bhfigiúr 56% a thacaíonn le caiteachas níos mó ar na healaíona sa timpeallacht eacnamaíochta reatha i dTábla 2.

TÁBLA 2: ANAILÍS AR AN TACAÍOCHT CHUN CAITEACHAS RIALTAIS NÍOS MÓ A BHAINT AMACH DO NA HEALAÍONA (%)

Aicme Ceirde:	
Meánaicme	58
Lucht Oibre Oilte	55
Lucht Oibre Leath Oilte/Neamhoilte	56
Feirmeoirí	54
Inscne:	
Mná	60
Fir	52
Ceantar:	
Uirbeach	58
Faoin Tuath	54
Réigiún:	
Baile Átha Cliath	52
An chuid eile de Chúige Laighean	60
Cúige Mumhan	61
Connacht/Uladh	49
Aois:	
15-24	62
25-34	51
35-44	55
45-54	59
55-64	60
65+	50

Nóta: Seasann na figiúirí dóibh sin a 'Aontaíonn' nó a 'Aontaíonn go Láidir'
Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Tugann Tábla 2 le fios go bhfuil tacaíocht le haghaidh caiteachas rialtais níos mó ar na healaíona bunaithe go forleathan, leis an tacaíocht is láidre sa mheánaicme, le mná, agus daoine faoi 25 agus idir 45-64 agus daoine sa Chuid eile de Chúige Laighean agus i réigiúin na Mumhan.

D'fhiafraigh an staidéar freisin de dhaoine cad iad a gcuid tosaíochtaí le haghaidh caiteachas ealaíon, mar a thaispeántar i dTábla 3.

TÁBLA 3: TOSAÍOCHTAÍ CAITEACHAIS AR NA HEALAÍONA (%)

Tosaíochtaí Caiteachais	1ú Rogha	2ú Rogha
Cláir agus saoráidí ealaíon tiomnaithe chun oibriú ar mhaithe le leanaí agus daoine óga agus leis na grúpaí sin	30	24
Gníomhaíocht ealaíon amaitéaraigh áitiúil agus pobal bhunaithe	17	23
Cláir ealaíon dírithe ar cheantair mhíbhuntáiste sóisialta	16	23
Eagraíochtaí agus ócáidí náisiúnta mar Amharclann na Mainistreach, Féile Ealaíon na Gaillimhe, Ceoldráma Fhéile		
Loch Garman, Siamsa Tíre	12	6
Grúpaí ealaíon proifisiúnta agus ionaid tionóil ag feidhmiú ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach	10	8
Obair nua agus thurgnamhach sna hEalaíona	6	4
Saothair ealaíon agus ócáidí ealaíon i nGaeilge	6	6
Saothar ealaíontóirí proifisiúnta aonair mar scríbhneoirí, péintéirí, cumadóirí	4	6

Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Tugann Tábla 3 le fios gurb í an tosaíocht is mó atá ag daoine i dtéarmaí caiteachais ar na healaíona ná caiteachas atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga. Bhain an dá phríomh rogha eile a roghnaigh daoine le healaíona amaitéaracha agus pobalbhunaithe agus cláir a dhíríonn ar cheantair ina bhfuil míbhuntáiste sóisialta. Níl na trí roghanna seo agus na roghanna eile eisiach go hiomlán áfach, m.sh. má táthar chun cláir ealaíon a sheachadadh ar dhaoine óga, i gceantair faoi mhíbhuntáiste srl., ansin tá sé fíorthábhachtach tacaíocht a thabhairt don ealaíontóir aonair.

Tugann an staidéar le fios go bhfuil easpa feasachta faoin ról níos mó (agus ag dul i méid) atá ag údaráis áitiúla maidir leis na healaíona, agus ní raibh a fhios ag ceathrar as gach cúigear go bhfostaíonn údaráis áitiúla oifigigh ealaíon anois.

Tinreamh ag Ócáidí Ealaíon

D'fhiafraigh an staidéar de dhaoine cad iad na cineálacha ócáidí ealaíon ar a fhreastal siad le dhá mhí dhéag anuas. As liosta roghanna, d'fhreastal 85% de na daoine ar ar a laghad ócáid ealaíon amháin thar an tréimhse (suas ó 83% i 1994). Tá miondealú de na sonraí de réir na foirme ealaíne tugtha i dTábla 4, chomh maith leis na comhfhigiúirí do 1994.

TÁBLA 4: FREASTAL AR IMEACHTAÍ EALAÍON I 2006 AGUS 1994

Catagóir Ócáide	An Chomhréir a d'fhreastal (%)	
	2006	1994
Scannán Príomhshrutha	57	54
Dráma	30	37
Rac-Cheol nó Popcheol	28	22
Amharclannaíocht/Iontas Sráide Faoin Spéir	19	n/a
Ceol Traidisiúnta nó Ceol Tíre na hÉireann	19	24
Coiméide Ardáin	18	n/a
Ceolra	17	22
Seó Ilsiamsa/Geamaireacht	16	31
Taispeántais Ealaíne	15	23
Sorcas	13	n/a
Ceolta Tuaithe	10	17
Rince Traidisiúnta/Tíre	8	9
Snagcheoil/Gormacha	7	11
Ceolchoirm nó Ceadal le Ceol Clasaiceach	7	9
Scannán Teach-Ealaíne	5	5
Ceol Domhanda	5	n/a
Reacaireachtaí (m.sh. litríocht/filíocht)	5	4
Ceoldráma	4	6
Rince Chomhaimseartha	3	2
Bailé	2	3
Léiriúchán eile de Cheol Beo	17	n/b
Léiriúchán Rince Eile	7	n/b

n/b = níl bainteach, go hiondúil de bhrí nár cuireadh an cheist sin i 1994
Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra I 2006 agus 1,200 freagra i 1994

Tagann roinnt pointí chun cinn as Tábla 4:

- Tháinig méadú ar phéire de na trí imeachtaí ar a bhfreastalaíonn daoine (scannán príomhshrutha agus ócáid roc-cheoil/popcheoil) idir 1994 agus 2006;
- Tháinig méadú beag freisin (laistigh den lamháil earráide) ar reacaireachtaí litríochta/filíochta agus ar rince chomhaimseartha;
- Bhí dóigh níos lú ann i 2006 ná mar a bhí i 1994 go bhfreastalódh daoine ar raon cineálacha ócáidí, agus bhí an titim ba mhó i gceist i gcás seó ilsiamsa/geamaireachtaí (titim 8%); léiriúchán ceolta tuaithe (titim 7%); agus drámaí (titim 7%);

- D'fhreastal idir 13% agus 19% den daonra i 2006 ar roinnt cineálacha ócáidí nár tugadh mar roghanna i staidéar 1994 - amharclannaíocht/iontas sráide faoin spéir; coiméide ardáin agus sorcas;
- Tugann Tábla 4 roinnt fianaise go bhfuil gluaiseacht ar thinreamh ó fhoirmeacha agus seánraithe ealaíne traidisiúnta nó fóirdheontais i dtreo foirmeacha agus seánraithe ealaíne a bhfuil níos mó tóir ag an bpobal orthu agus cinn thráchtála.

Taispeánann anailís atá déanta ar shonraí tinrimh, cé go bhfuil an dóigh chéanna ann go bhfreastalóidh mná agus fir ar scannán nó ar cheol traidisiúnta na hÉireann, tá difríochtaí ann maidir le cúpla foirm ealaíne, m.sh. tá dóigh níos mó ann go rachaidh mná chuig drámaí nó ceolraí. Taispeánann na sonraí go bhfuil na bearnaí uirbeacha/tuaithe agus réigiúnacha a bhí ann i 1994 ag caolú go mór, leis na leibhéil tinrimh chosúla anois i ngach cuid den tír. Tá difríochtaí i dtinreamh mar gheall ar leibhéal ioncaim ann i gcónaí áfach, ag tabhairt fianaise go bhfuil 'eisiamh cultúrtha' ag dul ar aghaidh ina gcás siúd ar leibhéil ioncaim níos ísle.

Chuir an staidéar ceist ar dhaoine faoin gcothromaíocht atá idir léiriúcháin amaitéaracha agus phroifisiúnta, i gcás na hócáidí ar a fhreastal siad. Fuair sé amach:

- Go raibh 39% de na daoine i láthair ag ócáidí le lucht proifisiúnta amháin;
- Go raibh 12% de na daoine i láthair ag ócáidí le hamaitéaraigh/lucht deonacha/daoine neamh-phroifisiúnta amháin;
- Go raibh 46% de na daoine i láthair ag meascán d'ócáidí amaitéaracha agus proifisiúnta.
- Dúirt 3% de na daoine nach raibh siad cinnte faoi sin.

Is léir an tionchar atá ag teicneolaíocht nua ar phatrúin áirithinte sa mhéid, faoi lár 2006, go ndúirt beagán níos mó ná duine as gach seisear gur chuir siad a gcuid ticéad le haghaidh ócáidí ealaíon in áirithint go hiondúil leis an idirlíon.

D'iarr ceist nua sa staidéar i 2006 ar dhaoine tabhairt le fios, as liosta roghanna, cá háit a raibh siad i láthair ag ócáid ealaíon le dhá mhí dhéag anuas. Tá na freagraí le feiceáil thíos.

FIGIÚR 3: IONAID TIONÓIL AR AR FREASTALAÍODH LE HAGHAIDH ÓCÁID EALAÍON SNA 12 MHÍ ROIMHE SIN (%)



Nóta: Níor fhreastal 15% de na freagróirí ar aon imeacht Ealaíon. Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Taispeánann Figiúr 3 gurb é an t-ionad tionóil is fearr leis an bpobal ar fad, taobh amuigh den phictiúrlann, chun freastal ar ócáid ealaíon ná teach tábhairne/óstán, agus ansin ionad tionóil faoin spéir agus an amharclann. Tugann na freagraí le fios an éagsúlacht leathan a bhaineann leis na hionaid tionóil ina bhfaigheann muintir na hÉireann rochtain ar na healaíona.

Cuidíonn an raon leathan ionad tionóil ina bhfreastalaíonn daoine ar ócáidí ealaíon, agus go raibh ar a laghad roinnt imeachtaí a bhí á léiriú ar bhonn amaitéarach nó deonach feicthe ag go maith os cionn leath den daonra chun léirmhíniú a fháil ar na figiúirí foriomlána do thinreamh ealaíon a cuireadh i láthair i dTábla 4.

I bhfianaise an fháis atá tagtha ar ealaín phobail le roinnt blianta anuas (lena n-áirítear tríd an scéim 'Per Cent for Art'), d'fhiafraigh an staidéar ar stop daoine chun féachaint ar ealaín ar bith in áit phoiblí le dhá mhí dhéag anuas.

FIGIÚR 4: AN LÍON DAOINE A STOP CHUN FÉACHAINT AR EALAÍN IN ÁIT PHOIBLÍ SNA 12 MHÍ ROIMHE



Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Taispeánann Figiúr 4 gur stop os cionn leath den daonra chun féachaint ar shaothar ealaíne in áit phoiblí sa bhliain go dtí lár 2006. Tugann sé sin le fios go bhfuil tionchar ag na cláir ealaíne phoiblí ar líon mór den daonra.

Rannpháirtíocht sna hEalaíona agus Iompar Ceannacháin

Deir 19% de dhaoine go raibh siad rannpháirteach in ar a laghad cineál amháin gníomhaíochta ealaíon le bliain anuas.

TÁBLA 5: RANNPHÁIRTÍOCHT SNA HEALAÍONA SNA 12 MHÍ ROIMHE (%)

Catagóir Ócáide

	Rannpháirteachas	Ballraíocht/ Aicmí
Uirlis cheoil a sheinm mar chaitheamh aimsire	8	2
Cuidiú le hócáid nó le heagraíocht ealaíon a reáchtáil	7	5
Ag péinteáil/líníocht/dealbhóireacht	6	2
Ag casadh i gcór	5	4
Damhsa seite	5	2
Uirlis ceoil a sheinm do lucht féachana nó cleachtadh	4	2
Léiriúchán nó cleachtadh dráma	4	3
Grianghrafadóireacht mar imeacht ealaíonta (ní laethanta saoire/ teaghlach)	3	1
Scríbhneoireacht	3	1
Ag scríobh aon chineál ceoil	2	1
I mbun saothair ealaíne nó beochan ar ríomhaire	2	0
Ag léiriú nó ag cleachtadh i gceoldráma nó i gceolra éadrom	1	0
Ag déanamh scannán nó físeán mar ghníomhaíocht ealaíonta (ní teaghlach ná laethanta saoire)	1	1
Ag léiriú nó ag cleachtadh i gceoldráma	0	0
Rince eile (ní áirítear rang aclaíochta leis)	8	4
Rince eile traidisiúnta/tíre na hÉireann	5	2
Amhránaíocht eile do lucht féachana nó cleachtadh (ní áirítear cáirióice)	3	1
Eile	1	1

Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Trí na sonraí rannpháirtíochta a chur i gcomparáid le torthaí 1994 taispeántar: fios méaduithe beaga i roinnt foirmeacha ealaíne (m.sh. péintéireacht/líníocht/dealbhóireacht agus damhsa eile traidisiúnta/tíre na hÉireann) agus laghduithe beaga i gcinn eile (m.sh. damhsa seite agus cór).

Maidir le hearraí a bhaineann le healaín a cheannach, dúirt 86% de na daoine go bhfuil siad ag ceannach faoi láthair, nó gur cheannaigh said, nithe a bhain leis na healaíona. Tá comparáid le hiompar ceannacháin a d'aimsigh suirbhé 1994 taispeánta thíos.

TÁBLA 6: IOMPAR CEANNACHÁIN AGUS NA HEALAÍONA, FAOI LÁTHAIR NÓ RIAMH, 2006 AGUS 1994 (%)

Catagóir Iompair Cheannacháin	Ceannacháin	
	2006	1994
Ag Éisteacht (lena n-áirítear Dlúthdhioscaí, caisíní, íoschóipeáilte)		
Roc-Cheol nó Popcheol	50	42
Ceol Traidisiúnta/Ceol Tíre na hÉireann	22	24
Ceolta Tuaithe	16	28
Ceolchoirm nó ceadal le ceol clasaiceach	11	20
Snagcheoil/Gormacha	10	11
Leabhair mar Chaitheamh Aimsire		
Ficsean, úrscéal, scéal nó dráma	39	n/b
Filíocht	5	7
Ag féachaint (lena n-áirítear DVDanna, físeáin, íoschóipeáilte)		
Scannán/drámaí Teilifíse	43	14
Rac-Cheol nó Popcheol	20	8
Ceoldráma/Damhsa	2	1
Ceol Clasaiceach	4	1
Saothar ealaíne		
Bunsaothair Ealaíne	6	8

Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra I 2006 agus 1,200 freagra i 1994

Taispeánann Tábla 6 gur tháinig méadú ar cheannachán roc/popcheol (ar an gcatagóir ceannacháin ab fhearr leis an bpobal freisin i 1994) ó 42% go dtí 50% idir 1994 agus 2006. D'fhan ceannachán ceol traidisiúnta agus ceol tíre, agus snagcheoil/gormacha, ag thart ar na leibhéil chéanna agus thit ceannachán ceoil chlasaicigh agus cheolta tuaithe.

Maidir le nithe a cheannach le féachaint orthu, cuireadh síneadh mór le ceannacháin sa réimse sin. Cé nach raibh sé bainteach go díreach leis, tháinig méadú freisin ar na ceannacháin 'féachana' ó 1% do cheol ceolfhoirneach i 1994 go dtí 4% do cheolchoirm nó ceadal ceoil chlasaicigh i 2006. D'fhéadfadh an síneadh mór sa réimse ceannachán sin a bheith mar fhachtóir a raibh tionchar aige ar an gclaonadh a bhí ag daoine freastal ar léiriúcháin bheo.

I gcás gach foirm ealaíne, deir móramh na ndaoine a cheannaíonn DVDanna, Dlúthdhioscaí srl. gur saothar le healaíontóirí Éireannacha atá beo iad formhór a gcuid ceannachán, murab ea agus an t-iomlán.

Tá an fás ar chainéil leithdháilte nua d'ábhar ealaíon le feiceáil go soiléir sa mhéid gur íoschóipeáil 27% de na daoine ábhar a bhain leis na healaíona (m.sh. ceol, scannán nó an focal labhartha) ón idirlíon an bhliain sula ndearnadh an staidéar. Déanann aon trian acu sin (.i. 9% den daonra iomlán) é sin ar bhonn rialta. Tá nasc láidir idir ábhar a bhaineann leis na healaíona a íoschóipeáil ón idirlíon agus aois, agus tá an cineál sin iompair níos airde san aoisghrúpa 15-24.

Ag Féachaint ar na hEalaíona agus ag Éisteacht Leo

Chomh maith le hidirghníomhú leis na healaíona trí thinreamh, tá daoine ag féachaint agus ag éisteacht go forleathan le foirmeacha ealaíne (m.sh. ina gcuid tithe, ina gcuid carranna, ag an ionad oibre srl.). Tá sé faighte amach ag an staidéar, cé go bhfuil an teilifís agus an raidió fós ar an meán is tábhachtaí chun teacht ar na healaíona, go bhfuil imreoirí DVD agus CD ag breis is leath den daonra. Tá níos mó úsáide á baint as meáin nua (m.sh. d'úsáid 21% ríomhairí agus d'úsáid 16% imreoirí ceoil dhigitigh chun rochtain a fháil ar na healaíona sa bhliain roimh an staidéar).

Iarraidh ar fhreagróirí tabhairt le fios, as liosta gníomhaíochtaí ealaíon, *cad a bhí siad cinnte a d'fheicfidís nó a d'éisteoidís leis* sna dá mhí dhéag roimhe sin (.i. ní hé go ndearna siad é de réir mar a rith sé leo). Ar an iomlán, rinne 95% den daonra cinnte gur fhéach siad ar léiriúchán nó ar ócáid ealaíon le dhá mhí dhéag anuas agus rinne 82% cinnte gur éist siad le léiriúchán nó le hócáid ealaíon le dhá mhí dhéag anuas. Tá na freagraí de réir na foirme ealaíne curtha i láthair i dTábla 7.

TÁBLA 7: LÉIRIÚCHÁIN NÓ ÓCÁIDÍ EALAÍON A CHONACTHAS NÓ AR ÉISTEADH LEO AN BHLIAIN ROIMHE (%)

Catagóir Ócáide	A Chonacthas	Ar Éisteadh Leis
Scannán Príomhshrutha	69	n/b
Coiméide Ardáin	38	5
Rac-Cheol nó Popcheol	38	45
Ceol Traidisiúnta nó Ceol Tíre na hÉireann	27	30
Dráma	22	6
Ceolta Tuaithe	20	23
Ceolra	19	6
Seó Ilsiamsa/Peamaireacht	16	3
Ceol Domhanda	13	15
Rince Traidisiúnta/Tíre	12	n/b
Clár a bhain leis na hEalaíona	10	4
Ceolchoirm nó Ceadal le Ceol Clasaiceach	9	10
Amharclannaíocht/Iontas Sráide Faoin Spéir	9	n/b
Snagcheoil/Gormacha	9	12
Taispeántas Ealaíne	8	n/b
Scannán Teach-Ealaíne	7	n/b
Rince Chomhaimseartha	5	n/b
Sorcas	4	n/b
Ceoldráma	4	3
Reacaireachtaí (m.sh. litríocht/filíocht)	4	3
Bailé	3	n/b
Léiriúchán eile de Cheol Beo	16	11
Léiriúchán Rince Eile	9	n/b
Eile	1	0

Nóta: Sonraíonn 'n/b' nach raibh aon sonraí infheidhmithe ann ós rud é nár bhain 'éisteacht' le gach catagóir.
Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Tagann roinnt pointí chun cinn as Tábla 7:

- Léiríonn na príomhchineálacha ealaíne a chonacthas/ar éisteadh leo na príomhchineálacha foirmeacha ealaíne ar a bhfreastalaíonn daoine, .i. ag féachaint ar scannáin ar an teilifís, DVD srl. an príomhrogha, de bhrí gur fhéach seachtar as gach deichniúr ar scannán an bhliain roimhe;
- Taispeánann an tábla an éagsúlacht leathan d'fhoirmeacha ealaíne, cineálacha ceoil srl. a bhféachann/a n-éisteann daoine leo - mar sin tá éagsúlacht ann i dtéarmaí an mheáin a úsáidtear chun rochtain a fháil ar na healaíona agus na foirmeacha ealaíne a bhfuil rochtain á fháil orthu;
- Tugann na figiúirí le fios go bhfuil tóir ag an bpobal i gcónaí ar cheol traidisiúnta nó ar cheol tíre na hÉireann, atá sa dara háit taobh thiar de roc/popcheol mar an seánra ceoil is mó a bhféachtar agus a n-éistear leis. D'fhéadfadh sé gur tháinig borradh faoi na figiúirí sin nuair a tháinig TG4 ar an bhfód de bhrí go gcraoltar roinnt clár ceoil Gaelach ar an stáisiún;
- Rinne duine as gach deichniúr cinnte gur fhéach siad ar chlár a bhain leis na healaíona (m.sh. clár léirmheasta, clár faisnéise ealaíon srl.) an bhliain roimhe;
- Tugann na figiúirí le fios go bhfuil lucht féachana agus éisteachta nideoige ann le haghaidh foirmeacha ealaíne mar cheol clasaiceach, rince chomhaimseartha, bailé agus ceoldrámaí.

Mar aon leis na figiúirí ar thinreamh, tugann na sonraí gluaiseacht le fios ó 1994 ó na foirmeacha agus seánraithe ealaíne traidisiúnta nó fóirdheontais go dtí foirmeacha agus seánraithe ealaíne a bhfuil níos mó tóir ag an bpobal orthu agus cinn thráchtála.

Bhain ceist nua a cuireadh i 2006 le léitheoireacht mar chaitheamh aimsire. As na catagóirí a cuireadh ar fáil, dúirt beagnach dhá-thrian de na daoine (64%) go raibh leabhar léite acu faoi ar a laghad ceann amháin de na catagóirí an bhliain roimhe sin, agus dúirt 36% nach raibh aon chuid de na cineálacha litríochta sin léite acu sa dhá mhí dhéag roimhe sin. Ba shaothar ficsin, úrscéalta, scéal nó dráma ab fhearr a thaitin le daoine, agus dúirt 51% go raibh leabhar léite acu sa chatagóir sin.

Maidir le léitheoireacht in aon cheann de na catagóirí, dúirt 73% de mhná agus 54% d'fhir go raibh leabhar léite acu faoi ar a laghad ceann amháin de na ceannteidil sna dá mhí dhéag roimhe sin, .i. ní raibh leabhar léite ag 27% de mhná agus 46% d'fhir faoi aon cheann de na catagóirí. Taispeánann Figiúir 5 miondealú inscne de phatrúin léitheoireachta de réir catagóire.

FIGIÚR 5: LÉITHEOIREACHT MAR CHAITHEAMH AIMSIRE SNA 12 MHÍ DHÉAG ROIMHE, DE RÉIR INSCNE (%)



Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Tugann Figiúr 5 le fios, i gcás gach catagóir, gur léigh níos mó ban mar chaitheamh aimsire an bhliain roimhe sin ná mar a rinne fir. D'fhéadfadh sé go léiríonn an bearna maidir le ficsean mar atá éirithe le roinnt leabhar ficsin do mhná le blianta beaga anuas.

Tá miondealú breise de phatrúin léitheoireachta le feiceáil i dTábla 8.

TÁBLA 8: ANAILÍS AR SHONRAÍ LÉITHEOIREACHTA MAR CHAITHEAMH AIMSIRE SA BHLIAIN ROIMHE

	Léitheoireacht déanta in ar a laghad catagóir amháin
Ceantar:	
Uirbeach	67
Faoin Tuath	57
Réigiún:	
Baile Átha Cliath	69
An chuid eile de Chúige Laighean	62
Cúige Mumhan	64
Connacht/Uladh	59
Aicme Ceirde:	
Meánaicme	79
Lucht Oibre Oilte	60
Lucht Oibre Leath Oilte/Neamhoilte	50
Feirmeoirí	41
An tOideachas:	
Tríú Leibhéal	84
Dara Leibhéal	64
Freastal déanta ar Dara Leibhéal	47
Bunscoil nó Faoi	29

Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Tugann Tábla 8 le fios go raibh ábhar léite mar chaitheamh aimsire ag comhréir níos airde daoine i gceantair uirbeacha le dhá mhí dhéag anuas, agus bhí an figiúr beagán níos airde i mBaile Átha Cliath ná mar a bhí i réigiúin eile. Taispeánann na figiúirí do aicme ceirde agus oideachais difríochtaí suntasacha sna leibhéil léitheoireachta. Tugann na figiúirí le fios go bhfuil eisiamh ann maidir le bheith ag léamh mar chaitheamh aimsire i gcás líon mór den daonra.

Constaicí maidir le Tinreamh agus Eolas a fháil faoi na hEalaíona

Maidir le tinreamh, fiafraíodh de dhaoine an raibh aon deacrachtaí acu freastal ar na himeachtaí ealaíon sin ar spéis leo iad nó a bheith rannpháirteach iontu. Thug 17% den daonra ar an iomlán le fios go mbíonn deacrachtaí acu leis sin, agus dúirt 83% nach mbíonn. Léiríonn sé sin athrú suntasach ó 1994, mar a thaispeánann Figiúr 6.

FIGIÚR 6: AN MBÍONN DEACRACHTAÍ AGAT FREASTAL AR IMEACHTAÍ EALAÍON NÓ BHEITH RANNPHÁIRTEACH IONTU? (%)



Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra i 2006 agus 1,200 freagra i 1994

Tugann Figiúr 6 titim suntasach le fios sa chomhréir den daonra a mbíonn deacrachtaí acu. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh mar gheall ar raon fachtóirí. Ar an gcéad dul síos, is féidir níos mó rochtana a fháil ar ionaid tionóil go tíreolaíoch mar gheall ar an gclár infheistíochta caipitil sna healaíona ó 1994 i leith (féach Caibidil 3). Freisin, tá ionaid tionóil aonair níos inrochtana do raon leathan úsáideoirí mar gheall ar rialacháin tógála níos fearr maidir le hinrochtaineacht. Agus ansin, laghdaigh an fás atá ar úinéireacht carranna agus freisin an fás ar ioncam indiúscartha na constaicí a bhaineann le freastal nó a bheith páirteach sna healaíona a bhíonn ag cur isteach ar go leor daoine.

Conas mar sin atá ceangal ag an ráiteas go ndúirt breis is ceathrar as gach cúigear as Éirinn i 2006 nach raibh aon deacrachtaí acu freastal nó a bheith rannpháirteach in imeachtaí ealaíon leis na sonraí tinrimh agus rannpháirtíochta i 2006, a thaispeánann go bhfuil na leibhéil tinrimh agus rannpháirtíochta thart ar mar a chéile agus a bhí i 1994? Dhá fhreagra a d'fhéadfadh a bheith air sin ná go bhfuil constaicí eile ag daoine anois nach bhfeiceann siad (m.sh. níos lú ama ná mar a bhí acu roimhe seo) nó nach bhfuil aon chonstaicí acu ach tá siad sásta lena gcuid leibhéil tinrimh agus níl fonn orthu iad a mhéadú tuilleadh.

Tugann an staidéar le fios gur mó an dóigh go dtaistealóidh daoine achar fada (tógtha mar níos mó ná 20 míle) i 2006 chun freastal ar ócáid ealaíon ná mar a rinne siad i 1994. Bhí sé sin amhlaidh i ngach cuid den tír.

Taispeánann Figiúr 7 conas a fhaigheann daoine eolas faoi na healaíona. Taispeánann sé gurb í an fhoinse is tábhachtaí ó thaobh eolas a fháil faoi na healaíona ná an preas áitiúil, agus treisíonn tábhacht an raidió áitiúil (atá tagtha chun cinn go mór ó 1994 i leith) an tábhacht atá le foinsí eolais áitiúla. I measc na modhanna atá ag teacht chun cinn tá an t-idirlíon (8%), liosta seoltaí (rphost) (3%) agus teachtaireachtaí téacs (2%), ag tabhairt éagsúlacht níos mó le fios i bhfoinsí eolais.

FIGIÚR 7: PRÍOMH MHODHANNA CHUN EOLAS A FHÁIL FAOI NA HEALAÍONA (%)



Figiúirí bunaithe ar 1,210 freagra

Bhí sásacht tríd is tríd leis an leibhéal eolais atá ar fáil faoi na healaíona, agus beagnach triúr as gach ceathrar sásta nó an-sásta leis an eolas atá ar fáil faoi na healaíona.

Staidéir Idirnáisiúnta ar an bPobal agus na hEalaíona

Cé go bhfuil staidéir déanta i go leor tíortha ar an bpobal agus na healaíona, tá sé deacair comparáid a dhéanamh idir tíortha den sórt sin de bhrí gur tugadh faoi staidéir ag amanna difriúla; go bhfuil sainmhínithe difriúla tugtha do na healaíona; foclaíocht dhifriúil dá gcuid ceisteanna; agus gníomhaíochtaí difriúla clúdaithe. Freisin, tá a gcuid comhthéacsanna soch-chultúrtha, beartais agus institiúide féin i ngach tír agus chaithfeadh dianchomparáid ar na torthaí na nithe sin ar fad a ghlacadh san áireamh.

Agus na deacrachtaí sin ar intinn againn, tá an figiúr d'Éirinn de thinreamh 85% ag ócáid ealaíon an bhliain roimhe beagán níos airde ná i sé cinn de thíortha eile a rinneadh athbhreithniú orthu, áit a bhfuil éagsúlacht sna figiúirí idir 73% agus 84%. Ar an iomlán, dealraíonn sé go bhfuil tinreamh mhuintir na hÉireann ag ócáidí ealaíon láidir i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta. Tá tinreamh ag an bpictiúrlann ar an ngníomhaíocht ealaíon is coitianta agus Éire díreach taobh thiar de Shasana (57% v 59%) maidir leis sin. Tá figiúirí tinrimh chomparáideacha don phictiúrlann agus foirmeacha ealaíne eile tugtha i dTábla 9.

TÁBLA 9: COMPARÁID SA TINREAMH AG ÓCÁIDÍ EALAÍON, ROGHA FOIRMEACHA AGUS SEÁNRAITHE EALAÍNE, ROGHA TÍORTHA

	Pictiúrlann	Dráma/ Amharclann	Ócáid Roc/ Popcheoil	Ceol-dráma	Rince Chomhaimseartha
Éire	57	30	28	4	3
Tuaisceart Éireann	54	23	21	2	2
Albain	52	18	24	6	3
An Bhreatain Bheag	54	27	n/b	7	7
Sasana	59	25	n/b	n/b	n/b
An Fhrainc	49	16	n/b	n/b	n/b
Na Stáit Aontaithe	n/b	12	n/b	3	n/b

Nóta: Is as na staidéir is déanaí a bhí ar fáil na figiúirí. Tá éagsúlacht sna sainmhínithe atá tugtha ar fhoirmeacha ealaíne ó thír go tír, m.sh. d'fhéadfadh mion-cheoldráma (operetta) a bheith san áireamh i gceoldráma agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh, d'fhéadfaí cur síos ar dráma mar 'dráma' nó mar 'amharclannaíocht' nó mar 'dráma nó drámaíocht' srl.

Tagann an toradh sa staidéar seo (a luadh níos túisce) go bhfreastalaíonn muintir na hÉireann ar ócáidí ealaíon i raon leathan ionad tionóil leis an staidéar is déanaí a rinneadh i dTuaisceart Éireann (2004) a fuair amach go raibh an scaipeadh céanna ar fud ionad tionóil (le difríochtaí sa bhéim ar ionaid tionóil áirithe). Feictear freisin i staidéir i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain Bheag agus sna Stáit Aontaithe go bhfuil tinreamh ar na healaíona nasctha le hoideachas agus leibhéal ioncaim.

Fuair an staidéar amach go raibh leabhar léite ag 64% de mhuintir na hÉireann mar chaitheamh aimsire le dhá mhí dhéag anuas - i gcomparáid le figiúr 73% i staidéar a rinneadh i Sasana i 2003.

I measc na bpríomhchonstaicí a tuairiscíodh go hidirnáisiúnta maidir le tinreamh agus rannpháirtíocht níos mó sna healaíona ná deacrachtaí ó thaobh ama (an phríomhchúis a tugadh tríd is tríd); costas; tiomantais teaghlaigh agus easpa spéise. Dealraíonn sé go bhfuil an leibhéal deacrachtaí níos ísle in Éirinn (bunaithe ar an staidéar seo) ná mar atá an cás tríd is tríd go hidirnáisiúnta.

Tugann staidéir idirnáisiúnta ar an bpobal agus na healaíona dearcaí dearfacha ar fud tíortha difriúla maidir leis an healaíona; maidir le ról na n-ealaíon sa tsochaí; agus maidir le maoiniú poiblí do na healaíona. Tugann na staidéir le fios freisin go measann daoine go bhfuil na healaíona tábhachtach ó thaobh léargas a thabhairt ar shaol na ndaoine as cultúir dhifriúla.

Roinnt Saincheisteanna Beartais a d'Éirigh as Torthaí an Staidéir

Tagann an tuarascáil *The Public and the Arts (2006)* ar chonclúid le caibidil a thairgeann, ag tarraingt ón bhfianaise a leagadh síos i gcaibidilí roimhe sin, réamhbhreathnadóireachtaí ar fáil ar shaincheisteanna a bhféadfadh tábhacht áirithe a bheith acu de réir mar a dhéanfar forbairt ar bheartas agus ar sholáthar ealaíon sna blianta amach romhainn. Díríonn na réamhbhreathnadóireachtaí sin uaireanta ar théamaí nó ar réimsí riachtanais áirithe atá aitheanta ag an taighde agus uaireanta eile déantar naisc idir ghnéithe difriúla den fhianaise a nochtaigh an staidéar.

Cé nach ndéanann an Achoimre Feidhmiúcháin iarracht achoimre a thabhairt ar na breathnadóireachtaí, féachann siad ar:

- Dearcaí agus Tosaíochtaí Poiblí
- Leanaí agus Daoine Óga
- Tinreamh Poiblí
- Ionaid tionóil agus an Réimse Poiblí
- Rannpháirtíocht Phoiblí
- Tomhaltas Príobháideach agus Eolas
- Cuimsiú Sóisialta
- Forbairt Áitiúil agus Réigiúnach

Tagann críoch le *The Public and the Arts (2006)* agus aird á tarraingt ar chomh hoiriúnach is atá sé an t-eolas a fhaightear ón diantaighde sonraithe atá déanta a chur ar ais i láthair an phobail arís. Féadfaidh an bonn fianaise a sholáthraítear mar sin cuidiú chun cruth a chur ar bheartas agus ar sholáthar ealaíon do phobal a thaispeánann, trína tomhaltas agus dearcaí, thinreamh, rannpháirtíocht, leibhéal spéise agus tiomantais eisceachtúil i leith na n-ealaíon.

ISBN 1-904291-27-9
ISBN [2007]: 978-1-904291-27-9

An Chomhairle Ealaíon/The Arts Council

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1850 392 492

e info@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie